**An Madra Rua agus an Cat**

Bhuail an madra rua agus an cat le chéile lá sa choill. Bhíodar ag caint fé na cúnna [na cuite].

“Táimse scanraithe acu” arsa an cat. “Is dócha go mbíonn eagla ort féin rompu chomh maith”.

“Mhuise, ní bhíonn ná eagla!” arsa an madra rua. “Tá na cleasanna agamsa, an dtuigeann tú?”



“Mo léan!” arsa an cat, níl agamsa ach an t-aon chleas amháin!”

Leis sin, chualadar na cúnna [cuite] ag teacht.

“Seo chugainn iad!” arsa an madra rua. “Bí ag faire ormsa anois, a chait!”

D’imigh an cat in airde ar chrann mór ard agus d’fhan ann. Tháinig na cúnna [cuite]. Rith an madra rua anso is ansúd. D’fhan na cúnna [cuite] ar a thóir.  Chuaigh sé isteach is amach idir na crainn, ach níorbh aon mhaith é. Léim sé isteach sa [t]sruthán ach theip air éalú uathu. Sa deireadh rugadar air agus mharaíodar é.

Nuair a bhíodar imithe, tháinig an cat anuas den gcrann agus d’imigh sé abhaile.